Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

**Léigh go cúramach le do thoil**

Tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) ag tabhairt faoi chomórtas chun iarrthóir oiriúnach a shainaithint lena cheapadh sa phost seo a leanas:

An Malartán, Duga Sheoirse, An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Baile Átha Cliath D01 P2V6

# Feidhmeannach Teicniúil: Iompórtálacha Bia, Easpórtálacha & Gnóthaí Rialála

Spriocdháta chun iarratais chomhlánaithe a fháil: **Meán oíche, Dé Luain, 25 Samhain 2024**

## Cur Síos ar an bPost

---

**TEIDEAL** Feidhmeannach Teicniúil: Iompórtálacha Bia, Easpórtálacha & Gnóthaí Rialála

**AG TUAIRISCIÚ DO** An Bainisteoir um Ghnóthaí Rialála & Forbairt Chomhlíonta, nó duine eile a ainmnítear

**TIMPEALLACHT AN PHOIST**
Is gníomhaireacht náisiúnta reachtúil, neamhspleách, agus eolaíochta é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) atá tiomanta do shláinte agus leasanna tomhaltóirí a chosaint trí phobal comhoibritheach sábháilteachta bia a threorú chun caighdeáin bhia a ardú ar bhonn leanúnach agus cultúr comhlíonta a chruthú.

Agus rialáil is rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ag cur dlús leo, is ann do phríomhchuspóirí FSAI chun deimhin a dhéanamh de go mbaintear na caighdeáin is airde agus is féidir amach ó thaobh an bhia a itear, a tháirgtear, a dháiltear nó a chuirtear ar an margadh in Éirinn. Tá tomhaltóirí curtha ag croílár a chuid gníomhaíochtaí go léir. Chuige sin, déanann FSAI maoirseacht ar fhorfheidhmiú dhlí an bhia trí sheirbhís chigireachta a n-oibríonn gníomhaireachtaí éagsúla Stáit í de réir ardchaighdeáin chomhaontaithe.

**CUSPÓIR AN PHOIST**
Beidh an té a cheapfar ag obair i bhfoireann an Ghnóthaí Rialála agus Comhlíonta (FGRC) den FSAI. Cuireann baill foirne an RACB cinnireacht straitéiseach ar fáil i leith gnóthaí rialála, tacaíonn sé leis an bhfoireann chigireachta agus le saotharlanna i gcúrsaí rialála san earnáil bhia, ullmhaíonn sé agus soláthraíonn sé treoraíocht maidir le forfheidhmiú agus cur i bhfeidhm dlíthe bia, agus cuireann sé comhairle ar fáil don Rialtas ar pholasaí sábháilteachta bia, ceisteanna rialála agus reachtaíocht bhia.

Bíonn baill foirne an RACB ag plé go rialta le gnólachtaí bia maidir le reachtaíocht a bhaineann le bia, lena n-áirítear riachtanais iompórtála/easpórtála, comhdhéanamh bia, forlíontaí bia, lipéadú agus ríomhthráchtáil, agus cuireann sé seirbhísí oiliúna ar fáil do ghníomhaireachtaí oifigiúla agus d'earnáil na tionsclaíochta araon. Tacóidh an ról seo le forbairt a dhéanamh i bpríomhréimsí na rialála.

Beidh an té i mbun an phoist seo freagrach don Bhainisteoir um Ghnóthaí Rialála agus beidh ar an té sin comhoibriú le baill foirne ar fud an FSAI agus laistigh den RACB agus bainfidh an comhoibriú seo le raon ábhar rialála. Cuirfear de chúram ar an té a gheobhaidh an post seo comhairle agus tacaíocht theicniúil a ullmhú agus a chur ar fáil i réimse na ngnóthaí rialála lena n-áirítear rialuithe oifigiúla ar iompórtálacha agus easpórtálacha bia agus chomh maith leis sin ní mór don té sin a bheith in ann reachtaíocht nua/leasaithe sábháilteachta bia, atá ábhartha don FSAI, a athbhreithniú agus a scaipeadh. Beidh taithí ar uirlisí anailísithe sonraí a úsáid ag teastáil ón té a cheapfar ionas gur féidir leis/léi tuarascálacha a chur i dtoll a chéile mar thacaíocht do ghníomhaíochtaí rialála an FSAI. Tacóidh an post seo le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i gcoitinne ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh níos mó comhlíonadh ann i leith rialúchán thar réimse leathan de reachtaíocht bhia.

**PRÍOMH-FHREAGRACHTAÍ**
Is iad seo na príomhfhreagrachtaí don ról:

- Tacú le straitéisí rialála an FSAI a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le feabhas a chur ar chomhlíonadh reachtaíochta bia.
- Súil a choinneáil ar athruithe féideartha ar reachtaíocht an AE agus comhairle a thabhairt faoi chomhairliúcháin atá ar na bacáin agus faoi leasuithe ar reachtaíocht an AE a bhaineann le bia.
- Tacú leis an obair a bhaineann le cothabháil a dhéanamh ar chreat riosca-bhunaithe d'fhonn cuidiú leis an FSAI agus é i mbun gníomhaíochtaí rialála foriomlána a chur i gcrích.

- Tacaíocht a chur ar fáil don Bhainisteoir um Ghnóthaí Rialála i réimse na rialála trí úsáid a bhaint as uirlisí anailísithe sonraí chun tuarascálacha a chur i dtoll a chéile ina dtugtar léargas ar an ábhar don FSAI le húsáid mar bhonn eolais faoina ngníomhaíochtaí.
- Bainistiú a dhéanamh ar an rialachas a bhaineann leis an gcomhairle bharrthábhachtach theicniúil a thugtar don FSAI agus cinnte a dhéanamh de go gcloítear leis an rialachas sin.
- Tacú le gníomhaireachtaí oifigiúla maidir le rialuithe oifigiúla ar iompórtálacha agus easpórtálacha bia lena n-áirítear córais trasghníomhaireachta ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil na socruithe is fearr i bhfeidhm chun sláinte an phobail a chosaint.
- Tacú le forbairt na treorach teicniúla a bhaineann le gach gné de chúrsaí iompórtála agus easpórtála chomh maith le comhairle faoi sin a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- Cuidiú le clár rannpháirtíochta a fhorbairt do pháirtithe leasmhara d'fhonn tacú le comhlíonadh foriomlán na reachtaíochta bia.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an FSAI ag cruinnithe leis an Rialtas, le gníomhaireachtaí oifigiúla agus le páirtithe leasmhara eile.
- Tacú le hobair níos leithne agus tras-fheidhme an FCRC mar chuid den FSAI maidir le sláinte chomhshaoil, sábháilteacht bia, sláinte bhia, agus cúrsaí rialála, lena n-áirítear tosaíochtaí rialála an FSAI a fhorbairt agus a chur i gcrích.
- Dualgais eile de réir mar a thugtar/mar is gá.

**EOLAS AGUS TAITHÍ RIACHTANACH**

- Céim onóracha in eolaíocht bhia, rialáil bhia nó disciplín ghaolmhar.
- Dea-theist chruthaithe de thaithí ábhartha ar fhad dhá bhliain ar a laghad i dtimpeallacht rialála, nó timpeallacht a bhaineann le rialuithe oifigiúla, tráchtáil, sláinte poiblí, bia, nó an tionscal talmhaíochta. Mar chuid de seo ba cheart taithí agus tuiscint a bheith ag an iarrthóir ar conas a chuirtear rialuithe bia i bhfeidhm.
- Eolas cuí ar reachtaíocht bhia in Éirinn, léamh agus tuiscint mhaith ar ról an FSAI.
- Bheadh eolas ar reachtaíocht agus ar shuíomh rialála maidir le hiompórtálacha agus easpórtálacha bhia mar bhuntáiste.
- Scileanna cruthaithe agus taithí ar eolas casta eolaíochta, reachtaíochta, nó teicniúil a chur in iúl i modh atá sothuigthe.
- Ardscileanna cumarsáide agus léiriúcháin.
- Ardchumas ríomhaireachta, agus scileanna in anailís sonraí agus eolais.
- Tá taithí ar bhainistíocht tionscadail inmhianaithe.
- Ní mór dó/di a bheith inniúil ar ríomhairí. Is iad Microsoft Windows 10 Enterprise agus Microsoft Office 365 na bogearraí caighdeánacha gnó atá in úsáid in FSAI

**INNIÚLACHTAÍ RIACHTANACHA**

**Ceannaireacht Foirne**

- Oibríonn sé nó sí chun ardfheidhmíocht a éascú, cuspóirí soiléire agus réadúla a fhorbairt agus dul i ngleic le ceisteanna feidhmíochta má thagann siad chun cinn
- Soláthraíonn sé nó sí faisnéis agus comhairle shoiléir maidir leis na ceanglais atá ar an bhfoireann
- Déanann sé nó sí a dhícheall nó a dícheall bealaí nua a chur i bhfeidhm chun oibriú go héifeachtúil chun cuspóirí a bhaint amach
- Tugann sé nó sí ceannaireacht don fhoireann le dea-shampla, agus oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine aonair de réir mar is gá
- Tá an-tábhacht ag baint le forbairt foirne, oiliúint agus scileanna agus cumas na foirne a uasmhéadú, dar leis/léi
- Tá sé nó sí solúbtha agus toilteanach oiriúnú, ag cur go dearfach le hathrú a chur i bhfeidhm

**Breithiúnais, Anailís agus Cinnteoireacht**

- Déanann sé nó sí faisnéis ó fhoinsí ábhartha, cé acu faisnéis airgeadais nó uimhriúil nó eile, a bhailiú agus a anailísiú, agus déanann sé nó sí raon tosca criticiúla a mheas
- Cuireann sé nó sí ceisteanna níos leithne, pleananna, íogaireachtaí agus impleachtaí gaolmhara san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici
- Úsáideann sé nó sí eolas agus taithí roimhe chun cinntí a threorú
- Úsáideann sé nó sí breithiúnas chun cinntí fónta a dhéanamh le bunús dea-réasúnaithe agus seasann sé nó sí leo siúd
- Cuireann sé nó sí réitigh chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna

**Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí**

- Glacann sé nó sí freagracht agus tá sé nó sí cuntasach as cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
- Déanann sé nó sí bainistíocht rathúil ar raon tionscadal éagsúil agus ar ghníomhaíochtaí éagsúla ag an am céanna
- Déanann sé nó sí a c(h)uid oibre féin agus obair dhaoine eile a leagan amach agus a eagrú go héifeachtach
- Tá cur chuige loighciúil agus réadúil aige nó aici, agus baineann sé nó sí na torthaí is fearr agus is féidir amach leis na hacmhainní atá ar fáil
- Déanann sé nó sí obair a tharmligean go héifeachtach, agus faisnéise agus fianaise shoiléir á soláthar maidir lena bhfuil ag teastáil
- Sainaithníonn sé nó sí go réamhghníomhach réimsí a dteastaíonn feabhas ina leith agus forbraíonn sé nó sí moltaí praiticiúla maidir lena gcur chun feidhme
- Léiríonn sé nó sí díograis le haghaidh forbairtí úra/cleachtais oibre atá ag athrú agus déanann sé nó sí a dhícheall nó a dícheall na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtúil
- Cuireann sé nó sí córais/próisis iomchuí i bhfeidhm chun seiceáil cáilíochta a chumasú ar gach gníomhaíocht agus aschur.
- Cleachtann sé nó sí fócas láidir ar sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí, idir chustaiméirí inmheánacha agus chustaiméirí seachtracha, agus cuireann sé nó sí an méid sin chun cinn

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Tógann agus coinníonn sé nó sí teagmháil le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara eile chun cuidiú leis an ról a chomhlíonadh
- Gníomhaíonn sé nó sí mar nasc éifeachtach idir na baill foirne agus an lucht bainistíochta sinsearaí
- Spreagann sé nó sí díospóireachtaí oscailte agus cuiditheacha maidir le saincheisteanna oibre.
- Léiríonn sé nó sí diongbháilteacht, agus tacaíocht á fáil aige nó aici trí fhaisnéis ábhartha a imlíniú agus na buntáistí a mholadh
- Caitheann sé nó sí le daoine eile le stuaim, le tuiscint, le cúirtéis agus le meas, fiú i gcúinsí dúshlánacha
- Cuireann sé nó sí faisnéis i láthair go soiléir, go beacht agus go muiníneach agus é nó í ag labhairt agus ag scríobh
- Comhoibríonn agus tacaíonn sé nó sí le comhghleacaithe chun aidhm eagraíochtúil a bhaint amach

**Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt**

- Tá tuiscint shoiléir aige nó aici ar a róil, cuspóirí agus spriocanna féin agus ar róil, cuspóirí agus spriocanna na foirne agus ar an dóigh a luíonn siad le hobair an aonaid agus na Roinne/na hEagraíochta agus cuireann sé nó sí é sin in iúl go héifeachtúil do dhaoine eile
- Tá ardleibhéil saineolais agus eolas leathan aige nó aici faoin Earnáil Phoiblí atá ábhartha dá réimse oibre féin
- Díríonn sé nó sí ar fhéinfhorbairt, agus déanann sé nó sí a dhícheall nó a dícheall feidhmíocht a fheabhsú

**Treallús agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí**

- Déanann sé nó sí a dhícheall nó a dícheall feidhmiú ar ardleibhéal, agus fuinneamh suntasach á chur isteach aige nó aici chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
- Léiríonn sé nó sí athléimneacht nuair atá cúinsí dúshlánacha agus éilimh arda roimhe/roimpi
- Tá sé nó sí iontaofa go pearsanta agus is féidir brath air nó uirthi
- Áirithíonn sé nó sí go mbeidh custaiméirí ag croílár na seirbhísí ar fad a chuirtear ar fáil
- Seasann sé nó sí le hardchaighdeáin ionracais, eitice agus macántachta

*D'fhéadfadh an sainchuntas poist seo athrú ó am go chéile, ar aon dul le riachtanais oibre FSAI.*

**COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ**
**Éagsúlacht, Cothromas, Cuimsiú agus Muintearas**

Tá an FSAI tiomanta do bheartas um Chomhdheiseanna. Is í fís an FSAI bheith chun tosaigh sa chomhionannas, san Éagsúlacht, Cothromas, Cuimsiú agus Muintearas (DEIB) in earnáil phoiblí na hÉireann. Tá an FSAI agus a fhoireann tiomanta don mhéid seo a leanas:

- Caitheamh go cothrom agus go measúil le gach duine
- Bheith cothrom agus cóir trí oibriú chun lucht saothair éagsúil a mhealladh agus a fhorbairt agus a chinntiú go mothóidh daoine go bhfuil meas orthu ina n-ionad oibre.
- A bheith cuimsitheach agus dearcthaí iomadúla a cuardach agus foghlaim uathu.

**STRAITÉIS AGUS LUACHANNA AN FSAI**
Leagtar amach i straitéis reatha ÚSBÉ ár bhfís, ár misean, ár luachanna, ár spriocanna straitéiseacha agus ár gcuspóirí don tréimhse 2019 - 2023. Comhlíontar ár bhfís maidir le bia sábháilte agus iontaofa do chách agus ár misean maidir le tomhaltóirí a chosaint agus comhlíontacht a ardú trí chomhpháirtíocht, trí eolaíocht agus trí fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia trí oibriú go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara ar fad.

Tá na luachanna agus na hiompraíochtaí corparáideacha seo a leanas mar bhonn agus thaca ag an timpeallacht oibre in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus cabhraíonn siad linn ár straitéis a chomhlíonadh:

**Obair Foirne:** Déanaimid daoine a fhorbairt agus a spreagadh chun eagraíocht níos fearr a chruthú trí chomhoibriú le comhghleacaithe laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di araon ar bhealach a thagann enár mbunluachanna agus a chuireann chun cinn iad.
**Ionracas:** Táimid ionraic, oscailte agus neamhspleách i ngach rud a dhéanaimid.
**Meas:** Gníomhaímid le meas agus freagracht phearsanta
**Díograis:** Táimid díograiseach faoi thomhaltóirí a chosaint
**Trédhearcacht:** Déanaimid ár ngníomhaíochtaí oibre le hoscailteacht agus trí bhealaí oscailte agus soiléire cumarsáide chun feasacht mhór faoi cad a dhéanaimid a chur chun cinn.
**Comhoibriú**: Aithnímid ár gcomhpháirtithe agus is mór linn iad.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag https://www.fsai.ie/strategy/

**<u>Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh agus srianta áirithe ar incháilitheacht</u>**

**Náisiúnaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun páirt a ghlacadh oscailte do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Cuimsítear sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Féadfaidh saoránaigh na hEilvéise faoi chomhaontuithe AE iarratas a dhéanamh freisin. **Chun cáiliú ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh den LEE faoi dháta aon tairisceana poist.**

**Riachtanais Saoránachta**

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe:

a. Bheith ina s(h)aoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Is éard atá i gceist leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; **nó**
b. Bheith ina s(h)aoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; **nó**
c. Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; **nó**
d. Saoránach nach saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch é/í ach ar céile nó páiste é/í de shaoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch nó de chuid na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; **nó**
e. Duine ar ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 nó aon duine den teaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; **nó**
f. Saoránach nach saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch é/í ach ar tuismitheoir é/í le páiste cleithiúnach atá ina s(h)aoránach de chuid bhallstát LEE nó na hEilvéise, agus atá ina c(h)ónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

**Chun bheith incháilithe ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir shaoránachta thuasluaite a chomhlíonadh faoi dháta aon tairisceana poist.**

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**

Tugadh isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Phearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Tá sé mar choinníoll leis an gComhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a shainítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a bhféadfadh éirí leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamh-incháilitheachta)

**Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER)**

Is coinníoll é leis an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach in Imlitir12/09 na Roinne Airgeadais nach bhfuil pinsinéirí, faoin Scéim sin, incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh na pinsinéirí sin cur isteach ar an bpost seo.

**Imlitir na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)**

Tugadh isteach le hImlitir 7/2010 na Roinne Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010 Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Is coinníoll é leis an scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha le hairgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna maidir le hathfhostú faoin VRS, ach amháin go

maireann an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as an scéim VER incháilithe

chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Daoine a bhain leas as an scéim VRS agus a bhféadfadh éirí leo sa chomórtas seo, beidh orthu a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Imlitir LG (P) 06/2013)**

Tugadh isteach le hImlitir LG (P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn:* Tá *íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, ina choinníoll sonrach leis an Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a shainítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó dháta a n-imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha sin freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

**Dearbhú**

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí i leith sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó á choimeád) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó i gcás ina bhfuil íocaíocht in ionad faighte acu i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

# Príomh-Choinníollacha Seirbhíse

---

**Suíomh**

Tá samhail oibre hibridí i bhfeidhm le suíomh na hoifige atá lonnaithe in An Malartán, Duga Sheoirse, IFSC, D01 P2V6, Baile Átha Cliath 1.

**Promhadh**
Baineann tréimhse phromhaidh 12 mhí leis an bpost seo.

**Pá**
*De réir bheartas pá reatha an Rialtais, beidh an pá tosaigh don staid seo ag an íosphointe den scála pá don suíomh (an chéad phointe ar scála). Más státseirbhíseach nó státseirbhíseach ar seirbhís thú faoi láthair, d'fhéadfadh do phointe iontrála chuig an scála pá a bheith níos airde bunaithe ar do thuarastal reatha.*

*Is é seo a leanas an scála tuarastail don phost seo:*

€42,195 – €45,417 – €48,645 – €51,849 – €55,179 – €58,570 – €61,984 – €65,398 – €69,073

Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfaí an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais.

**Asbhaintí**
Beidh seirbhísigh phoiblí inphinsin (daoine nua a bheidh ag teacht isteach) a earcófar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Baineann an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair le gach iontrálaí céaduaire inphinsin sa tseirbhís phoiblí, chomh maith le hiarfhostaithe sa tseirbhís phoiblí a bheidh ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí i ndiaidh sos níos faide ná 26 seachtain. I gcúinsí áirithe, e.g. i gcás ina raibh an seirbhíseach poiblí ar iasacht nó ar saoire cheadaithe nó má bhíonn sé nó sí ar an gconradh fostaíochta céanna i gcónaí, ní bheidh feidhm ag an riail 26 seachtaine. Is é an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an reachtaíocht lena dtugtar éifeacht don Scéim.

Maidir leis na daoine nach bhfuil faoi réir na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (e.g. iad siúd a aistríonn ó fhostaíocht seirbhíse poiblí eile i gcás ina bhfuil an sos seirbhíse, más ann dó, níos lú ná 26 seachtain), beidh feidhm ag téarmaí Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

**Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**
Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsin de réir an Achta um Beart Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

**Saoire Bhliantúil**
Is é 29 lá an tsaoire bhliantúil

## Nós Imeachta um Roghnúchán

**Conas Iarratas a Dhéanamh**
Ní mór foirm iarratais chomhlánaithe a uaslódáil ar líne tráth nach déanaí ná an **Meán oíche, Dé Luain, 25 Samhain 2024**

**Próiseas Roghnúcháin**
Tionólfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann painéal roghnúcháin chun céimeanna iomaíocha an phróisis roghnúcháin a chur i gcrích de réir na gcaighdeán is airde um dhea-chleachtas. D'fhéadfadh go mbeadh an méid seo a leanas i gceist leis an gcur chuige a úsáidfear:

- Iarrthóirí a chur ar an ngearrliostú ar bhonn na faisnéise a bheidh san fhoirm iarratais chun liosta na n-iarrthóirí a laghdú go dtí líon níos soláimhsithe le haghaidh agallaimh
- Réamhagallamh a bhféadfadh cleachtadh nó measúnú scríofa a bheith i gceist leis
- Agallamh iomaíoch deiridh a bhféadfadh cur i láthair a bheith i gceist leis freisin
- Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith cuí

**Dáta d'Agallaimh**
Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chuirfear ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh a chinntiú go mbeidh siad ar fáil le haghaidh agallaimh ar an dáta a thabharfar.

**Ceisteanna**
Seol ríomhphost chuig recruitment@fsai.ie le haon cheisteanna.

## Eolas Ginearálta

**Costais as an Agallamh**
Ní bheidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann freagrach as aon chostais, lena n-áirítear costais taistil, a d'fhéadfadh iarratasóirí a thabhú maidir lena n-iarratas ar an bpost seo.

**Oibleagáidí Iarrthóirí**
Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad má dhéantar stocaireacht agus go ndéanfar iad a eisiamh ón bpróiseas dá bharr sin.

Ní mór nach ndéanfaidh na hiarrthóirí aon cheann díobh seo a leanas:

- Faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go rabairneach
- Stocaireacht a dhéanamh le haon duine le mealltaí nó gan mhealltaí
- Aithris a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas
- Cur isteach ar an bpróiseas nó é a chur i mbaol ar bhealach ar bith

I gcás ina bhfaightear go bhfuil iarrthóir ciontach as stocaireacht nó sárú ar aon cheann díobh sin thuas, déanfar an méid seo a leanas:

- I gcás nár ceapadh é nó í don phost, dícháileofar é nó mar iarrthóir; nó
- I gcás inar ceapadh é nó í sa phost, forghéillfidh sé nó sí an ceapachán sin

**Iarrthóireacht a bheith Aistarraingthe á Meas**
Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalóidh ar agallamh an tráth agus an áit a n-iarrfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, nó nach soláthróidh, nuair a iarrfar orthu, cibé fianaise a éileoidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní bheidh éileamh acu a thuilleadh go mbreithneofar iad.

**An Tábhacht a bhaineann le Rúndacht**
Ba mhaith linn a dhearbhú d'iarratasóirí gurb í an phríomhthosaíocht atá againn rúndacht a chosaint. Is féidir le hiarratasóirí a bheith ag súil, agus dearbhaímid, go ndéileálfar le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí a mhéid a bhainistíonn Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann iad go hiomlán faoi rún agus nach nochtfar iad d'aon duine, lasmuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go gcuirfear gach ábhar iarratais ar fáil d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

## Cosaint Sonraí agus an Próiseas Earcaíochta

---

**Rúndacht**
Caithfear le rúndacht na n-iarrthóirí le meas ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Stórálfaidh an FSAI an fhaisnéis phearsanta ar fad a chuirfear ar fáil ar na doiciméid iarratais go slán agus úsáidfear í chun d'iarrthóireacht a phróiseáil amháin.

**Comhlíonadh dlíthiúil**
Tá an FSAI tiomanta don reachtaíocht ábhartha uile a chomhlíonadh le linn an fheachtais earcaíochta seo. Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta dóibh, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014.

**Sonraí pearsanta a chosaint**
Bailítear agus próiseáiltear sonraí pearsanta mar chuid den phróiseas earcaíochta. Leagtar amach sa roinn seo an fhaisnéis ábhartha faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Na sonraí pearsanta a bailíodh
2. Bunús dleathach chun sonraí pearsanta a phróiseáil
3. Conas a d'fhéadfaí do chuid faisnéise a roinnt
4. Cé chomh fada is féidir do chuid faisnéise a stóráil
5. Do chearta um chosaint sonraí

**1. Na sonraí pearsanta a bailíodh**
Bailíonn an FSAI sonraí pearsanta ó iarrthóirí ionchasacha mar chuid den phróiseas earcaíochta. Agus a oibleagáidí maidir le cosaint sonraí á gcomhlíonadh aige, tá an FSAI tiomanta do bheith cuntasach agus trédhearcach faoin dóigh a mbailíonn agus a bpróiseálann sé an fhaisnéis sin.

Sainítear 'sonraí pearsanta' sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) mar fhaisnéis a bhaineann le duine beo aitheanta nó inaitheanta. Sainítear leis cineálacha 'sonraí pearsanta' amhail ainm, seoladh, dáta breithe, etc. Leagtar amach sa RGCS freisin 'catagóirí speisialta sonraí pearsanta' maidir le faisnéis níos íogaire lena n-áirítear, mar shampla, sonraí a bhaineann le sláinte.

**2. Bunús dleathach chun sonraí pearsanta a phróiseáil**
Próiseálann an FSAI na sonraí pearsanta a sholáthróidh tú i do dhoiciméid iarratais le linn an phróisis earcaíochta ar bhonn dleathach 'toiliú'. Teastaíonn do thoiliú chun aon sonraí pearsanta a sholáthrófar san iarratas a phróiseáil ar mhaithe le hiarratas a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas earcaíochta.

*Conarthach*
I gcás iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi, féadfaidh sonraí pearsanta a sholáthrófar le linn an phróisis earcaíochta a bheith mar bhonn don chonradh fostaíochta.

*Oibleagáid dhlíthiúil*
Próiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí ionchasacha agus na bhfostaithe reatha (lánaimseartha, páirtaimseartha, ar conradh agus gníomhaireacht) ar an mbonn go bhfuil siad riachtanach chun go gcomhlíonfaidh an FSAI an reachtaíocht (e.g., reachtaíocht fostaíochta).

**3. Conas a d'fhéadfaí do chuid faisnéise a roinnt**
Féadfar d'eolas a roinnt le páirtithe eile mar chuid den phróiseas earcaíochta. Nuair a dhéanfar é sin, roinnfear faisnéis de réir riachtanas agus faoi rún.

**4. Cé chomh fada is féidir do chuid faisnéise a stóráil**
Tá Beartas um Choinneáil Sonraí ag an FSAI a bhaineann leis an bhfaisnéis go léir a stórálann sé. Tugtar an beartas sin cothrom le dáta ar bhonn leanúnach chun coinneáil suas leis na hathruithe reachtaíochta ábhartha go léir.

*Iarrthóirí nár éirigh leo*
Maidir leis na daoine sin nár éirigh leo sa phróiseas earcaíochta, coinneoidh an FSAI an fhaisnéis ar fad a soláthraíodh don FSAI ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí. Ag deireadh na tréimhse sin, nó má tharraingíonn tú do thoiliú siar, scriosfar do chuid faisnéise ar bhealach slán.

*Iarrthóirí ar éirigh leo*
Maidir leis na daoine sin ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta, cuirfidh an FSAI an fhaisnéis ar fad a soláthraíodh don FSAI ar do chomhad fostaí. Coinneofar é le linn do chuid fostaíochta leis an eagraíocht agus ar feadh tréimhse chuí ina dhiaidh sin. Ag deireadh na tréimhse sin, nó má tharraingíonn tú do thoiliú siar, scriosfar do chuid faisnéise ar bhealach slán.

**5. Do chearta um chosaint sonraí**
Tá cearta agat maidir leis na sonraí pearsanta a bhailíonn, a phróiseálann agus a stórálann an FSAI. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar ár suíomh gréasáin faoin gceannteideal 'Iarratais ar Chosaint Sonraí agus Rochtain'. Leagtar amach sa roinn sin cad iad do chearta um chosaint sonraí agus conas Iarratas Rochtana ar Ábhar Sonraí a dhéanamh chuig an FSAI.

**Tuilleadh Faisnéise**
Má tá aon cheist agat nó más mian leat Iarratas Rochtana ar Ábhar Sonraí a dhéanamh, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ag an FSAI. Is iad seo a leanas na sonraí teagmhála:

| | |
|---|---|
| Sa phost | An Oifigeach Cosanta Sonraí<br>Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann<br>An Malartán<br>Duga Sheoirse<br>IFSC<br>D01 P2V6 |
| Tríd an ríomhphost | DPO@fsai.ie |